2024/2658

9.10.2024

**RIALACHÁN (AE) 2024/2658 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Deireadh Fómhair 2024**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh colmóirí i bhfolimistéir gheografacha 8, 9, 10 agus 11 de CGIM le haghaidh báid spiléireachta grinnill a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu agus atá 18 méadar nó níos mó, agus níos lú ná 24 mhéadar, ar fad foriomlán**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), , agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/259 ón gComhairle ([2]) deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024.

(2) An uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhaineann leis an gcolmóir i bhfolimistéir gheografacha 8, 9, 10 agus 11 den Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM) agus is infheidhme maidir le báid spiléireachta grinnill a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil, soithí atá 18 méadar nó níos mó, agus níos lú ná 24 mhéadar, ar fad foriomlán, meastar gur baineadh amach an uasiarracht iascaireachta incheadaithe sin le haghaidh 2024 de réir na faisnéise a fuair an Coimisiún.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stocghrúpa sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú iarrachta**

An uasiarracht iascaireachta incheadaithe a leithdháileadh ar an Iodáil le haghaidh stocghrúpa an cholmóra i bhfolimistéir gheografacha 8, 9, 10 agus 11 de CGIM le haghaidh 2024 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar í a bheith bainte amach ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh an stoic dá dtagraítear in Airteagal 1, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann báid spiléireachta grinnill a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil, soithí atá 18 méadar nó níos mó, agus níos lú ná 24 mhéadar, ar fad foriomlán, toirmeascfar iad ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn. Go sonrach, toirmeascfar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2024/259 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2024/259, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/259/oj).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Ar son an Uachtaráin*
Maroš ŠEFČOVIČ
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

*IARSCRÍBHINN*

| | |
|---|---|
| Uimh. | 07/TQ259 |
| Ballstát | an Iodáil |
| Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta | EFF1/MED2_LL3 |
| Stocghrúpa | An colmóir (*Merluccius merluccius*) in FLGanna 8, 9, 10 agus 11 |
| Na soithí lena mbaineann | Báid spiléireachta grinnill ≥ 18 m agus < 24 m |
| Dáta deiridh | an 7 Meán Fómhair 2024 |